CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1137 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Iúil 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Tá an Chomhairle tagtha ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh gach duine agus gach eintitis atá sna liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a choinneáil ar bun, agus gur cheart an fhaisnéis chéannachta do dhuine amháin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.

IARSCRÍBHINN

(1) In gcuid A (Daoine) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 15:

"15.	GHWELL, Khalifa ailias AL GHWEIL, Khalifa AL-GHAWAIL, Khalifa GHAWIL, Khalifa Mohamed	Dáta breithe: 1 Eanáir 1956 nó 1 Eanáir 1951 Áit bhreithe: Misurata, an Libia Náisiúntacht: Libiach Pas: A005465 (an Libia), a eisíodh an 12 Aibreán 2015, a chuaigh in éag an 11 Aibreán 2017 agus J690P666 (an Libia), a eisíodh an 12 Meitheamh 2016, ag dul in éag an 11 Meitheamh 2024 Inscne: fireann Seoladh: Qasr Ahmed Street, Misurata, an Libia	Ba é Khalifa Ghwell 'Príomh-Aire agus Aire Cosanta', mar a ghairtí de, an Chomhdháil Ghinearálta Náisiúnta ('GNC') atá neamhaitheanta go hidirnáisiúnta (ar a dtugtar 'Rialtas Náisiúnta an tSlánaithe' freisin), agus dá réir sin, bhí sé freagrach as a ngníomhaíochtaí. An 7 Iúil 2015, rinne Khalifa Ghwell a chuid tacaíochta do Fhronta na Buanseasmhachta (Alsomood), fórsa míleata nua seacht mbriogáid a bhfuil sé mar aidhm aige cosc a chur le bunú rialtais aontachta i dTripilí, a léiriú nuair a d'fhreastail sé ar shearmanas an tsínithe chun 'Uachtarán' GNC, Nuri Abu Sahmain, a insealbhú san fhórsa. Ina cháil mar 'Príomh-Aire' GNC, bhí ról lárnach ag Ghwell i mbac a chur ar bhunú an GNA a bunaíodh faoin gComhaontú Polaitiúil maidir leis an Libia. An 15 Eanáir 2016, ina cháil mar 'Príomh-Aire agus Aire Cosanta' GNC Thripilí, d'ordaigh Ghwell go ngabhfaí aon bhaill den Fhoireann Slándála nua, a cheap Príomh-Aire Ainmnithe an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta, a leagfadh cos i dTripilí. An 31 Lúnasa 2016, d'ordaigh sé do 'Príomh-Aire' agus do 'Aire Cosanta' de chuid an 'Rialtas Náisiúnta an tSlánaithe' filleadh ar an obair i ndiaidh do Theach na nIonadaithe diúltú don GNA.	1.4.2016";

(2) I gcuid A (Daoine) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 20:

"20.	GHWELL, Khalifa ailias AL GHWEIL, Khalifa AL-GHAWAIL, Khalifa GHAWIL, Khalifa Mohamed	Dáta breithe: 1 Eanáir 1956 nó 1 Eanáir 1951 Áit bhreithe: Misurata, an Libia Náisiúntacht: Libiach Pas: A005465 (an Libia), a eisíodh an 12 Aibreán 2015, a chuaigh in éag an 11 Aibreán 2017 agus J690P666 (an Libia), a eisíodh an 12 Meitheamh 2016, ag dul in éag an 11 Meitheamh 2024 Inscne: fireann Seoladh: Qasr Ahmed Street, Misurata, an Libia	Ba é Khalifa Ghwell 'Príomh-Aire agus Aire Cosanta', mar a ghairtí de, an Chomhdháil Ghinearálta Náisiúnta ('GNC') atá neamhaitheanta go hidirnáisiúnta (ar a dtugtar 'Rialtas Náisiúnta an tSlánaithe' freisin), agus dá réir sin, bhí sé freagrach as a ngníomhaíochtaí. An 7 Iúil 2015, rinne Khalifa Ghwell a chuid tacaíochta do Fhronta na Buanseasmhachta (Alsomood), fórsa míleata nua seacht mbriogáid a bhfuil sé mar aidhm aige cosc a chur le bunú rialtais aontachta i dTripilí, a léiriú nuair a d'fhreastail sé ar shearmanas an tsínithe chun 'Uachtarán' GNC, Nuri Abu Sahmain, a insealbhú san fhórsa. Ina cháil mar 'Príomh-Aire' GNC, bhí ról lárnach ag Ghwell i mbac a chur ar bhunú an GNA a bunaíodh faoin gComhaontú Polaitiúil maidir leis an Libia. An 15 Eanáir 2016, ina cháil mar 'Príomh-Aire agus Aire Cosanta' GNC Thripilí, d'ordaigh Ghwell go ngabhfaí aon bhaill den Fhoireann Slándála nua a cheap Príomh-Aire Ainmnithe an Rialtas Comhaontaithe Náisiúnta, a leagfadh cos i dTripilí. An 31 Lúnasa 2016, d'ordaigh sé do 'Príomh-Aire' agus do 'Aire Cosanta' de chuid an 'Rialtas Náisiúnta an tSlánaithe' filleadh ar an obair i ndiaidh do Theach na nIonadaithe diúltú don GNA.	1.4.2016".